Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 5 Iúil 2024
(OR. en)

11468/24
PV CONS 35
ECOFIN 754

**DRÉACHT-MHIONTUAIRISCÍ**

COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH
(Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais)

21 Meitheamh 2024

**1. Glacadh an chláir oibre**

Ghlac an Chomhairle an clár oibre a leagtar amach in 11157/1/24 REV 1.

**2. Formheas na míreanna 'A'**
**(a) Liosta neamhreachtach** 11233/1/24 REV 1

Ghlac an Chomhairle gach mír 'A' a liostaítear sa doiciméad thuas, lena n-áirítear gach doiciméad teanga COR agus REV a tíolacadh lena nglacadh. Leagtar amach na ráitis a ghabhann leis na míreanna sin san aguisín.

**Plé reachtach**

**(Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)**

3. An pacáiste maidir le CBL sa ré dhigiteach SC
**(a) Treoir a mhéid a bhaineann le rialacha CBL don ré dhigiteach** 11013/24 11012/24
*Cur chuige ginearálta*
**(b) Rialachán a mhéid a bhaineann leis na socruithe comhair riaracháin CBL is gá don ré dhigiteach** (*) 9683/24
(Bunús dlí: Airteagal 113 CFAE)
*Comhaontú polaitiúil*

Bhí seisiún tuairimíochta ag an gComhairle d'fhonn teacht ar chur chuige ginearálta i ndáil leis an dréacht-Treoir maidir le rialacha CBL don ré dhigiteach agus ar chomhaontú polaitiúil i ndáil leis an Rialachán maidir le socruithe riaracháin CBL a bhfuil gá leo don ré dhigiteach. Cuireadh an comhad ar aghaidh chuig an Uachtaránacht inteachta.

**4. Aon ghnó eile**
**Tograí reachtacha maidir le seirbhísí airgeadais atá á scrúdú faoi láthair** 10217/24
*Faisnéis ón Uachtaránacht*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht ar fáil maidir leis an obair leanúnach ar thograí reachtacha i ndáil le seirbhísí airgeadais.

**<u>Gníomhaíochtaí neamhreachtacha</u>**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **5.** | **An pacáiste maidir le CBL sa ré dhigiteach: Rialachán cur chun feidhme a mhéid a bhaineann le ceanglais faisnéise le haghaidh scéimeanna áirithe CBL**<br>(Bunús dlí: Treoir 2006/112/CE)<br>*Comhaontú polaitiúil* | [P] [C] (*) | 9684/24 |

Bhí seisiún tuairimíochta ag <u>an gComhairle</u> d'fhonn teacht ar chomhaontú polaitiúil maidir leis an Rialachán Cur Chun Feidhme a mhéid a bhaineann le ceanglais faisnéise le haghaidh scéimeanna CBL áirithe. Cuireadh an comhad ar aghaidh chuig an Uachtaránacht inteachta. Is i seisiún poiblí a pléadh an mhír sin.

| | | | |
|---|---|---|---|
| 6. | An téarnamh eacnamaíoch san Eoraip<br>(a) An tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta a chur chun feidhme Staid na hImeartha<br>(b) Cinntí Cur chun Feidhme ón gComhairle faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta<br>(Bunús dlí: Airteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/241)<br>*Glacadh* | [C] (*) | 10262/24<br>+ ADD 1<br>+ ADD 1 COR 1 |
| 7. | An Seimeastar Eorpach 2024: pacáiste an Earraigh<br>*Cur i láthair ón gCoimisiún* | | 11095/24<br>11257/24<br>11258/24 |
| 8. | Tionchar eacnamaíoch agus airgeadais fhogha na Rúise faoin Úcráin[1]<br>*Seisiún tuairimíochta* | | |
| 9. | Aon ghnó eile<br>An chéad chruinniú den choiste ad hoc le sainordú a bhunú chun Creat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chomhar Idirnáisiúnta i gCúrsaí Cánach a ullmhú (Nua Eabhrac, an 26 Aibreán - an 8 Bealtaine 2024)<br>*Faisnéis ón Uachtaránacht* | | 11121/24 |

---

[S] Nós imeachta reachtach speisialta

[P] Plé poiblí (Airteagal 8(1) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle)

[C] Mír atá bunaithe ar thogra ón gCoimisiún

(*) Mír ar féidir vótáil a iarraidh ina leith

---

1 Tugtar cuireadh d'Aire Airgeadais na hÚcráine a bheith i láthair, trí fhíschomhdháil, don mhír seo.